Cuirtear fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí incháilithe don ról a leanas:

**Ollamh Cúnta san Oideachas**

**Institiúid Oideachais DCU**

**Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige**

**Conradh 3 bliana ar théarma seasta**

**Réamhrá**

Is í Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an dámh is nua in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé suite ar shaoráid shaintógtha ar luach €70 milliún ar Champas Phádraig OCBÁC i nDroim Conrach i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh é in 2016 mar an chéad Dámh Ollscoile um Oideachas in Éirinn, agus tá baill foirne ann de níos mó ná 140 acadóir agus freastalaíonn os cionn 4,000 mac léinn air.

San Institiúid, tugtar le chéile na mic léinn go léir ó gach réimse oideachais lena n-áirítear oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile, breisoideachas agus ardoideachas. Chomh maith le raon de chláir fochéimithe san oideachas a sholáthar, cuireann an Institiúid raon leathan de chláir iarchéime múinte agus bunaithe ar thaighde ar fáil ar leibhéil dhochtúra, mháistreachta, dhioplóma agus theastais.

Mar ionad barr feabhais sna croí-réimsí Oiliúna Tosaigh Múinteoirí agus oideachas go ginearálta, tá réimse leathan d’ionaid taighde atá dírithe ar mhórspriocanna uaillmhianacha mar chuid lárnach d’fhorbairt chláir taighde na hInstitiúide. Soláthraíonn an Institiúid timpeallacht oibre agus fhoghlama dhinimiciúil i gcomhluadar saineolaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta sna réimsí: polasaí oideachais, oideachas ionchuimsithigh agus speisialta, curaclam agus oideolaíocht, meastóireacht, litearthacht, measúnú, oideachas múinteoireachta. Is féidir go mbeidh súil ag baill foirne le deiseanna mar a bhaineann le hobair ildisciplíneach ní amháin san Institiúid ach trasna na hOllscoile. Mar cheann de na príomhollscoileanna is óige ar domhan, eascraíodh bhunú an chúigiú dámh nua i gcomhthéacs an tuairim dhaingean go bhfuil staidéar agus taighde san oideachas mar aon leis an tacaíocht agus cúnamh a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí croílárnach i gclaochlú saoil agus pobail.

Tá Institiúid Oideachais DCU tiomanta do bharr feabhais oideachas agus nuálaíocht agus muiníneach go mbeidh róil rathúla agus ceannasaíochta ag mic léinn, foireann agus céimithe na hInstitiúide i gcomhthéacs na ndúshlán agus castachtaí a bhaineann le hoideachas an 21ú haois.

**Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige**
Is í Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-óige ceann de na sé scoil atá mar chuid den Institiúid Oideachais. Cuireann an scoil go mór le réimse leathan de chláir oideachais ag leibhéil fochéime agus iarchéime. Tugtar le chéile dámh le saineolas den scoth lena n-áirítear teoiric, cleachtas, taighde agus polasaí sna réimsí teanga (Gaeilge & Béarla), litearthachta agus oideachas luath-óige. Tá foireann na scoile tiomanta do scoláireacht leanúnach agus d'fhiosrúchán mar a bhaineann le comhpháirtíocht chómhalartach le suíomhanna oideachais luath-óige, scoileanna, comhghleacaithe san Institiúid agus páirtithe leasmhara sa chóras oideachais.

**Próifíl an Róil: Ollamh Cúnta san Oideachas (Teanga)**
Tá sé i gceist ag Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige Ollamh Cúnta a cheapadh le dul ag obair ar bhonn comhoibríoch mar chuid d'fhoireann ag tacú leis an mBaitsiléir san Oideachas i nGaeilge agus Fraincis nó Gearmáinis nó Spáinnis, clár san oideachas do mhúinteoirí iar-bhunleibhéil agus ag tacú freisin le raon leathan clár eile san oideachas do mhúinteoirí in Institiúid Oideachais DCU.

**Cúraimí agus Freagrachtaí:**
Féach ar an gcur síos ar an bpost le do thoil le haghaidh sonraí ar dhualgais agus freagrachtaí an phoist seo.

**Cáilíochtaí agus Taithí**
**Tá an post ar fáil d'iarrthóirí a shásaíonn na critéir seo a leanas:**

- Cúlra láidir i bhfoghlaim teanga, curaclam agus oideolaíocht mar a bhaineann le hOideachas Teanga ag an iar-bhunleibhéal,
- Taithí ábhartha teagaisc trí bliana acu ag an mbunleibhéal agus/nó iar-bhunleibhéal, agus inchláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta,
- Cáilíocht iarchéime san Oideachas ina bhfuil dlúthnasc leis an gcleachtas gairmiúil agus / nó Oideachas Teanga agus bheadh sé inmhianaithe í seo a bheith ag leibhéal Dochtúireachta,
- Beidh ardscileanna sa Ghaeilge labhartha agus scríofa riachtanach
- Beidh cumas teanga sa Fhraincis, sa Ghearmáinis nó sa Spáinnis an-inmhianaithe
- Beidh taithí in oideachas do mhúinteoirí an-inmhianaithe,
- Beidh taithí ar mheasúnóireacht ar chleachtas gairmiúil mhic léinn / mhúinteoirí an-inmhianaithe
- Sárscileanna idirphearsanta agus comhoibríoch,
- Ardscileanna riaracháin agus eagrúcháin,
  Léiriú cumais ICT (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) a úsáid i múineadh teangacha

*Tabhair faoi deara: Beidh ceapadh an iarrthóra faoi réir Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána..*

**Traenáil Éigeantach**

Beidh ar an té a cheapfar tabhairt faoin traenáil chomhlíontach éigeantach seo a leanas: Ionduchtú, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Cosaint Sonraí(GDPR). D'fhéadfadh go mba ghá tabhairt faoi thraenáil eile mar is cuí.

**Fiosrúcháin neamhoifigiúla chuig:** geraldine.french@dcu.ie

**Breis eolais**
Tá breis eolais ar Institiúid Oideachais DCU le fáil ag http://www.dcu.ie/institute_of_education/index.shtml.

**Scálaí Tuarastail**

| | |
|---|---|
| Ollamh Cúnta/Léachtóir os cionn an bhaic: | €50,159 - €76,891 |
| Ollamh Cúnta/Léachtóir faoi bhun an bhaic: | €37,352 - €51,724* |

**Déanfar ceapachán de réir cáilíochtaí agus taithí, agus déanfar é ar an bpointe cuí den scála tuarastail Ollamh Cúnta/Léachtóra os cionn an bhaic nó Léachtóra faoi bhun an bhaic ag teacht le Polasaí Pá reatha an Rialtais.*

**Dáta Deiridh:** Dé Luain 11 Bealtaine 2020

**Nós Imeachta le haghaidh Iarratais**
Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó shuíomh gréasáin Folúntais Reatha in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Comórtais Oscailte) ar http://www4.dcu.ie/hr/vacancies/current.shtml

Féadfaidh na hiarratais a chur isteach ar ríomhphost chuig. Luaigh go soiléir an ról a bhfuil tú ag cur isteach air i d'iarratas: **Job Ref #BC1806 Ollamh Cúnta san Oideachas**

**Is fostóir comhdheiseanna í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá tiomanta do chur chun cinn an chomhionannais inscne atá le sonrú i ngnóthachtáil Gradam Cré-umha Athena SWAN. Tá eolas ar réimse polasaithe ollscoile atá dírithe ar thimpeallacht thacúil solúbtha oibre a chruthú le fáil ag www4.dcu.ie/policies/policy-starter-packs.shtml.**